EAGRÁN 13 MEÁN FÓMHAIR 2009

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Níl le cloisteáil na laethanta seo ach an focal SNIP, a thagraíonn do na gearrthacha siar atá beartaithe ag an Rialtas a chur i bhfeidhm le haghaidh na blianta atá amach romhainn. Fiú má thógann muid san áireamh an cúlú atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíocha domhanda, níl aon dabht ach gurb é mí-bhainistíocht an Rialtais agus droch iompar na mBancanna na cúiseanna is mó a d'fhág sa gcruachás eacnamaíoch seo muid. Tá impleachtaí trom-chúiseacha i dTuairisc Mhic Charthaigh ar chuile rannóg rialtais, ach de réir mar a bhaineann sé le pobal na Gaeltachta is iad na gearrthacha siar agus an ath-struchtúir atá molta faoin Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta is mó a ghortóidh cursaí Gaeilge agus Gaeltachta. Tá teacs iomlán thuairisc Mhic Chárthaigh le fáil ag www.finance.gov.ie Is fiú breathú air.

Board SNIP is the main topic of conversation these days, a reference to the many cutbacks which are proposed by the government in the years ahead. Even taking account of the global economic townturn, it is clear that the current economic situation has been brought about partly by gross mis-management at government level and by the irresponsible behaviour of the financial institutions. Although The Mc Carthy report has serious implications for every government department, it is the cutbacks and re-structuring that are recommended in the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs which will have the greatest impact on the Irish language and on Gaeltacht communities. The full text of the report can be viewed on www.finance.gov.ie

*** Nuachtlitir Áitiúil * A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Amuigh Faoin Aer	3
An Óige / Youth Activities	4
Oidhreacht / Heritage	5
Foilseacháin / New Publications	5
Scéalta Eile / Other News	6
Foinsí Maoinithe / Funding Source	7 – 8

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Caitlín Uí Sheighin
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin
	Micheál de Búrca
	Micheál Ó Murchú
	Séamus Ó Murchú
	Uinsíonn Mac Graith

RÁITEAS MISIN – MISSION STATEMENT

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

IONAD EOLAIS / INFORMATION OFFICE

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla feabhsú tithíochta, deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including home improvement grants, training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

BAILL NUA / NEW MEMBERS

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teangmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information.

GUTH AN PHOBAIL – HAVE YOUR SAY

Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next edition.

Déan teagmháil le:-

Treasa Ní Ghearraigh,
Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil,
Ceathrú Thaidhg,
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo

Guthán: 097 88082
Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net

AMUIGH FAOIN AER

Turas Eaneolaíochta / BirdWatch Trip

Ar an 5ú Lúnasa d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le Cumann Mhaigh Eo de Chairde Éanlaith Éireann, siúlóid ghiortach ón Seanscoil i gCeathrú Thaidhg le breathnú ar éanlaith na háite. Faoi threoir Ruth-Ann Leak, Michael Hogan agus fear áitiúil Micheál Ó Raghallaigh, aimsíodh ceithre éan is fiche i dturas a mhair dá uair a' chloig. Tá sé beartaithe turais eile a eagrú amach anseo.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in association with the Mayo Branch of BirdWatch Ireland, organised a short walk from the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg on 5th August to observe the birds of the area. Under the guidance of Ruth-Ann Leak, Michael Hogan and local man Micheál Ó Raghallaigh twenty four species were spotted during the two hour outing. It is hoped to organise similar outings in the future.

Déan Maitheas do do Chroí / Walk For Heart

Cuir ort do bhróga, téigh amach ag siúl le haghaidh leath uair a' chloig, cúig lá na seachtaine, agus déanfaidh tú maitheas do do chroí. Sin é an teachtaireacht a bhí ag Foras Chroí na hÉireann agus é ag fógairt Lá Domhanda Chroí, a thiteann ar an Domhnach, an 27ú Meán Fómhair i mbliana. Aclaíocht iontach atá sa tsiúlóid chun strios a íslú, do mheáchan a bhainistiú agus galar chroí a sheachaint. Ar fud na hÉireann táthar ag súil go mbeidh breis agus 10,000 duine, idir óg agus aosta, ag glacadh páirt san imeacht. Mar chuid den ocáid tá sé i gceist ag Comhar Dún Chaocháin Teo siúlóid a eagrú ar Shlí na Sláinte Ceathrú Thaidhg, ag tosnú ag an Seanscoil ag 3.00 i.n. Bígí linn!

Let's Go Walking for 30 minutes is the latest message from the Irish Heart Foundation to encourage everyone to walk their way to healthier hearts. 'Walk for Heart' is the theme of this years World Heart Day which falls on Sunday, 27th September and young and old from all over Ireland, are planning to hit the outdoors for the biggest walking event in the country. Youth groups, fitness groups, active retirement groups and work colleagues will don their most comfortable shoes and go walking for fun. To mark the occasion Comhar Dún Chaocháin Teo is organizing a walk along Slí na Sláinte Ceathrú Thaidhg, starting at the Seanscoil at 3.00 p.m. Bígí linn!

Lá Spraoi agus Spóirt / Family Fun Day

Bhailigh slua daoine ag páirc peile an Chorráin Bhuí ar an 16ú Lúnasa le haghaidh lá spóirt agus spraoi. Ba é seo an chéad uair a eagraíodh na spóirt ar an mbaile ó 1937 agus má bhí fanacht fada ar mhuintir na háite níor lig na heagraithe síos iad. Bhí sraith imeachtaí ar bun i gcaitheamh an lae le haghaidh chuile aoisghrúpa idir óg agus aosta - cluichí sacair, dathú éadain, gnáth rásaí, rása an bharra rotha, rása uibh agus spúnóige, rása na dtrí gcos, rása saic, caitheamh buataisí, tomhais meachain, piocadh fataí, tarraingt rópa agus go leor eile. Ba mhaith le Cumann Sacair an Chorráin Bhuí buíochas mór a ghlacadh le chuile dhuine a thacaigh leis an imeacht.

A crowd gathered at Corrán Buí soccer pitch on the 16th August last to celebrate a family fun sports day. This was the first sports day held at this location since 1937 and the organisers did not disappoint. A variety of events was organised to suit all age groups, including 5-a-side soccer, novelty races, wheelbarrow race, sack and three-legged race, wellington throw, guess the weight, potato picking, tug-of-war, bouncy castle and face painting. A social in Doherty's later that night concluded what was a wonderful day. The organisers Cumann

Sacair an Chorráin Bhuí would like to thank everyone who supported the event.

IMEACHTAÍ ÓIGE / YOUTH ACTIVITIES

Campaí Samhraidh Iorrais / Summer Camps

D'eagraigh Coiste Campaí Samhraidh Iorrais campaí samhraidh i mí Iúil agus Lúnasa le cuidiú airgeadú na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. Seachtain siamsaíochta, spraoi, spóirt agus scléip trí Ghaeilge atá sna campaí seo atá dírithe ar pháistí san aoisghrúpa ó sé mbliana d'aois go dá bhliain déag d'aois. Ag glacadh páirt bhí scoileanna Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach, Inbhear, Barr na Trá, Gleann a' Chaisil agus Eachléim.

The committee of Coiste Campaí Samhraidh Iorrais organised summer camps in July and August with the assistance of funding received from the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. The camps provide a week-long programme of enjoyable, educational and cultural activities for children in the six to twelve year age group. Taking part were the primary schools of Ceathrú Thaidhg, Ros Dumhach, Inbhear, Barr na Trá, Gleann a' Chaisil and Eachléim.

Scannán / Film

Léiritear scannán, atá oiriúnach do pháistí bunscoile, sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg dhá thorann sa mhí. Tugann sé deis do pháistí san aoisghrúpa seo teacht le chéile go sóisialta i dtimpeallacht thaitneamhach, sábháilte agus spraoiúil. Tá tuilleadh eolais le fáil ó Simon nó ó Bernadette ag 097 88862.

A film, suitable for viewing by primary schoolchildren, is shown in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg twice a month. This gives children in this age-group an opportunity to meet up socially in a safe, friendly and supervised setting for an enjoyable evening's entertainment. Further information is available from Simon or Bernadette on 097 88862.

Féile Lúnasa / Lúnasa Festival

Tionóladh Féile Lúnasa, mórfhéile tuaithe ag comóradh oidhreacht, cultúir agus traidisiúin spóirt Chill Chomáin, in ionaid éagsúla ar fud an pharóiste idir an 26ú Iúil agus an 9ú Lúnasa. Bhí sraith imeachtaí éagsúla ar bun i gcaitheamh na féile mar shampla cluichí peile Gaelacha, taispeántas grianghraif dar teidil 'Ar Bharr na dTonn', siúlóid oidhreachta agus dúlra, seisiúin cheoil, amhránaíochta agus damhsa, biongo mór agus go leor eile. Ba iad Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, Comhar Dún Chaocháin Teo agus Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg eagraithe na féile agus bhí gach brabach ag dul i dtreo Club na mBan agus Club na bhFear Chill Chomáin.

Féile Lúnasa, a community festival celebrating the heritage, culture and sporting tradition of Cill Chomáin, was held in various venues throughout the parish between the 26th July and 9th of August. The packed programme of activity included a football tournament, a photographic exhibition entitled 'Ar Bharr na dTonn – Riding the Waves', a heritage and nature walk, music, song and dance sessions, bingo mór agus go leor eile. The event was organised by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, Comhar Dún Chaocháin Teo and Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg with all proceeds in aid of Club na mBan and Club na bhFear.

OIDHREACHT / HERITAGE

Teachaín a' Watch agus ÉIRE 63

Tá Teachaín a' Watch suite ar cheann tíre ar an taobh thiar de Chuan Phort a' Chlóidh. Mar chéim chosanta thóg Seirbhís na nGardaí Cósta trí chinn is ceithre scór de na tithe faire seo ar feadh an chósta i 1941 chun súil a choinneáil ar na báid cogaidh i rith an Dara Cogadh Domhanda. I gCartlann Míleata, Sráid Chathail Brugha, Baile Átha Cliath tá deich leabhar tuairisce le fáil maidir leis an bhfoirgneamh seo agus na himeachtaí a bhí ar siúl ann. In aice láimhe tá uimhir an stáisiúin 'EIRE 63' leagtha amach ar an talamh le clocha bána. Le himeacht ama áfach bhí fraoch agus caonach ag fás ar na clocha agus ba doiligh iad a fheiceáil. Ach buíochas le hiarrachtaí rannphairtithe na Scéime Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin tá athnuachan déanta ar an gcomhartha, atá anois chomh soiléar is a bhí sé an chéad lá.

Teachaín a' Watch is situated on a headland to the west of Port a' Chlóidh Bay. This look out post is one of eighty three built around the coast in 1941 for the Coastwatching Service to monitor warships during the Second World War. Ten logbooks in the Military Archives at Cathal Brugha Street in Dublin document activities associated with it. Nearby the number of the station 'EIRE 63' is outlined on the ground in quartz stone. With the passing of time however, this had become overgrown and was barely visible, until thanks to the efforts of participants on the Cill Chomáin Rural Social Scheme it has been restored to its original condition.

FOILSEACHÁIN NUA / NEW PUBLICATIONS



Teampall Chill Ghallagáin / Graveyard Publication

Beidh an leabhar Teampall Chill Ghallagáin le fáil sa Seanscoil agus sna siopaí áitiúla go luath. Ba mhaith le údair an leabhair Treasa Ní Ghearraigh agus Uinsíonn Mac Graith agus an foilsitheoir Comhar Dún Chaocháin Teo a mbuíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a chuidigh leo agus iad i mbun an t-saothar seo. Táimid go mór faoi chomaoin ag muintir na háite as na grianghraif a chuir siad ar fáil dúinn a chuireann go mór le hábhar an leabhair, atá foilsithe i gcuimhne na ndaoine atá curtha i dTeampall Chill a' Ghallagáin, go ndéana Dia trócaire ar a n-anamacha uilig.

The publication Teampall Chill Ghallagáin will soon be available in the Seanscoil and in local shops. The book's authors Treasa Ní Ghearraigh and Uinsíonn Mac Graith and its publisher Comhar Dún Chaocháin Teo would like to thank everyone who helped to bring this project to fruition and particularly those who gave photographs. The book is dedicated to all those who are buried in Teampall Chill a' Ghallagáin, go ndéana Dia trócaire ar a n-anamacha uilig.

Crossing the Channel, An Amazing Adventure

Is leabhar é Crossing the Channel leis an Athair Seán Ó Nuadhain atá saibhir i seanchas agus a dhéanann cur síos ar a chuid eachtraíochta go dtí seo. Rugadh an tAthair Seán, nó Ginger mar a thugtar air, i mbaile Chnoc na Lobhar sa bhliain 1936. Tríd leathanaigh an leabhair seo, an dara cheann óna pheann, tugann sé ar turas muid óna óige, go dtí a shaol oibre i Sasana agus ina dhiaidh sin ar a ghairm mar shagart a thaistil ar fud na cruinne. Tá an leabhar le fáil sna siopaí áitiúla le gach brabach ag dul i dtreo Alzheimers,

Ailt, Cumann Oispíse Mhaigh Eo - Ros Comáin agus Croí.

The newly-published book Crossing the Channel by Fr. Seán Noone describes his amazing adventures thus far. Fr. Seán, or Ginger as he is referred to, was born in the village of Cnoc na Lobhar in 1936. In this, his second published work, he takes us on a journey from his youth, to his working life in England and later describes his vocation as a priest who has travelled to many far-flung destinations. The book is available from local shops with the proceeds benefitting Alzheimers, Cancer, The Mayo-Roscommon Hospice and Croí.

SCÉALTA EILE / OTHER NEWS

Aighneacht Mhná Tí

Tá imní ar Mhná Tí a choinníonn scolairí choláistí Gaeilge go gcuirfear deireadh le Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge atá á riaradh ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tugann an scéim deis do scolairí ó lasmuigh den Ghaeltacht taithí agus blas a fháil ar Ghaeilge nadúrtha labhartha agus cuireann sé lena líofacht sa teanga. Tá sé ina fhoinse ioncaim sna ceantair Ghaeltachta, atá aitheanta mar na ceantair is boichte agus is iargúlta sa tír, ní hamháin do na mná tí ach do lucht na mbusanna, siopaí, lucht lóistín do thuismitheoirí ar chuairt, múinteoirí Gaeilge agus foireann tacaíochta na gColáistí. Bhailigh na mná tí as chuile cheard den tír le chéile in Óstán Chois Fharraige ar an 2ú Meán Fómhair áit a raibh deis acu an t-ábhar a chur faoi bhráid an Aire Éamonn Ó Cúiv.

Mná Tí who provide accommodation for Irish Summer College students are concerned that Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, which is administered by The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, may be shelved. The scheme affords students in non-Gaeltacht areas an opportunity to experience Irish as an everyday spoken language and helps to improve their fluency in the language. It is an important source of income in Gaeltacht areas, which are recognized as the most disadvantaged and remote in the country, not only for the Mná Tí but also for bus services, shops, accommodation providers for visiting parents, Irish language teachers and the support team of the Colleges. Mná Tí from all over the country converged in the Conamara Coast Hotel on 2nd September where they handed in a petition and outlined their concerns to Minister Éamonn Ó Cúiv.

Seirbhísí Cúraim Leanaí / Childcare Services

Tá Naíonra Dhún Chaocháin, Seirbhís Iar-scoile Dhún Chaocháin agus Naíonra Ghleann na Muaidhe ath-oscailte. Tá foirmeacha iontrála agus tuilleadh eolais le fáil ó Chaitlín ag 097 88977 agus ó Mháire Cáit ag 097 88863.

Naíonra Dhún Chaocháin, Seirbhís Iar-scoile Dhún Chaocháin and Naíonra Ghleann na Muaidhe have re-opened. If you require admission forms or additional information please contact Caitlín on 097 88977 and Máire Cáit on 097 88863.

Maidin Caife / Coffee Morning

Tá Bantracht Dún Chaocháin ag eagrú maidin caife sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg ar an 17ú Meán Fómhair idir 10.00 r.n. agus 1.00 i.n. ar mhaithe le Cumann Oispíse Mhaigh Eo - Ros Comáin. Fáilteofar roimh do thacaíocht.

Bantracht Dún Chaocháin is organising a coffee morning in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg on Thursday 17th September between 10.00 a.m. and 1.00 p.m. in aid of the Mayo Roscommon Hospice Foundation. We welcome your support for this worthwhile cause.

Ranganna Ríomhaireachta do Dhaoine Fásta / Computer Classes For Adults

Beidh Comhar Dún Chaocháin Teo ag eagrú ranganna ríomhaireachta do dhaoine fásta sa Seanscoil go luath faoi Chlár BenefIT Chomhairle Chondae Mhaigh Eo. Déanfaidh na ranganna seo, atá páirt-mhaoinithe faoin gClár DEIS, freastal ar leibhéil éagsúla cumais ón mbunleibhéal suas. Beidh cruinniú eolais sa Seanscoil Dé Máirt seo chugainn, an 8ú Meán Fómhair ag 8.00. chun an t-ábhar a phlé.

Comhar Dún Chaocháin Teo will be organising computer classes in the Seanscoil under Mayo County Council's BenefIT Scheme. Part-financed

by the DEIS programme, these classes will cater for various abilities, from basic computer skills to improving existing skills with a focus on Word Processing, Internet and E-mail access. An information session will be held in the Seanscoil on Tuesday next, 8th September at 8.00 p.m.

Clár an Fhómhair / Autumn Schedule

Tá sé beartaithe na cúrsaí Teastas Eorpach sa Ghaeilge a ath-thosú i mí Meán Fómhair. Fógrófar clár iomlán imeachtaí an Fhómhair/Gheimhridh go gairid. Coinnigh súil amach i Nuachtlitir an Domhnaigh agus sna nuachtáin áitiúla le haghaidh sonraí na gcúrsaí.

It is proposed to re-commence the European Certificate in Irish course in September. The full programme of activities for Autumn/Winter will be available at a later date. Keep an eye on the Sunday Newsletter and on local newspapers for full details.

FOINSÍ MAOINITHE / SOURCES OF FUNDING

An Bord SNIP Nua / Board SNIP

Níl le cloisteáil na laethanta seo ach an focal SNIP, a thagraíonn do na gearrthacha siar atá beartaithe ag an Rialtas a chur i bhfeidhm le haghaidh na blianta atá amach romhainn. Fiú má thógann muid san áireamh an cúlú atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíocha domhanda, níl aon dabht ach gurb é mí-bhainistíocht an Rialtais agus droch iompar na mBancanna na cúiseanna is mó a d'fhág sa gcruachás eacnamaíoch seo muid. Tá impleachtaí trom-chúiseacha i dTuairisc Mhic Charthaigh ar chuile rannóg rialtais, ach de réir mar a bhaineann sé le pobal na Gaeltachta is iad na gearrthacha siar agus an ath-struchtúir atá molta faoin Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta is mó a ghortóidh cursaí Gaeilge agus Gaeltachta. Moltar mar shampla:-

Go ndúnfaí An Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Go n-aistreofar cúraimí don Ghaeltacht agus don Ghaeilge chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Go dtarrnófar siar ó Scéim Labhairt na Gaeilge agus Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge thar thréimhse dhá bhliain

Go gcuirfí deireadh le Scéim Deontais Tithíochta sa Ghaeltacht agus Deontais Feabhsúcháin Gaeltachta (bóithre, céibheanna &rl.)

Go ndéanfaí tuilleadh anailís ar chaiteachas thar na cláir uilig a bhaineann leis an nGaeilge

Go n-aistreofar cúraimí fiontair Údarás na Gaeltachta chuig Fiontar Éireann

Go gcuirfí deireadh leis an scéim CLÁR agus le Cistí na gCuntas Díomhaoine

Tá an tuairisc iomlán le fáil ag www.finance.gov.ie

The Board SNIP is the main topic of conversation these days, a reference to the many cutbacks which are proposed by the government in the years ahead. Even taking account of the global economic townturn, it is clear that the current economic situation has been brought about partly by gross mis-management at government level and by the irresponsible behaviour of the financial institutions. Although The Mc Carthy report has serious implications for every government department, it is the cutbacks and re-structuring that are recommended in the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs which will have the greatest impact on the Irish language and on Gaeltacht communities. In the report it is recommended for example that:-

The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs be disbanded

Matters pertaining to the Irish Language and the Gaeltacht be transferred to the Department of Education and Science

The schemes Scéim Labhairt na Gaeilge and Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge be wound down over the next two years

The Housing Grant Scheme in Gaeltacht areas as well as The Gaeltacht Improvement Grants (roads, piers etc.) be abolished

A cross programme analysis of all expenditure on the Irish language be carried out

The enterprise development role of Údarás na Gaeltachta be transferred to the Industrial Development Authority

The CLÁR and Dormant Accounts Schemes be abolished

The full report can be viewed on www.finance.gov.ie

The Irish Fundraising Handbook

Is acmhainn áisiúil é an lámhleabar The Irish Fundraising Handbook (6ú eagrán) i gcomhthéacs cúrsaí eacnamaíochta faoi láthair. Tá liosta ann de na heagraisí agus foinsí maoinithe atá le fáil ag grúpaí deonacha neamh-brabaigh agus is féidir cóip a ordú ó Create, 10/11 Sráid an Iarla Dheas, Baile Átha Cliath 8 ar chostas €23 (postas san áireamh). Guthán: 01 4736600

The Irish Fundraising Handbook (6th Edition) is a useful resource in the current economic climate. It lists a range of funding and supports available for voluntary non-profit groups and is available from Create, 10/11 Earl Street South, Dublin 8 at a cost of €23 (including postage). Tel: 01 4736600

Ciste Fiontair Mhaigh Eo Thuaidh / North Mayo Enterprise Fund

Tá infheistíocht de €3 mhilliún curtha ar fáil ag an mBord Soláthar Leictreachais le haghaidh Ciste Fhiontar Chomhraic Teo i ndiaidh dúnadh Stáisiún Cumhachta Bhéal Átha Chomhraic i 2005. Is í an phríomhaidhm atá ag an gCiste ná deiseanna fostaíochta a chruthú i Maigh Eo Thuaidh. Níl ach líon teoranta airgid ar fáil chun fiontar príobháideach agus cruthú poist a chur chun cinn, agus táthar ag fáiltiú roimh iarratais ó eagraíochtaí phobail-bhunaithe, gnóthaí príobháideacha, comhpháirtíochtaí agus daoine aonair atá bunaithe sa gceantar roghnaithe le haghaidh tionscadail. Caithfidh iarrthóirí a chur in iúl má tá iarratais déanta cheana féin acu chuig eagraisí maoinithe cuí ar nós Cuideachtaí LEADER, Comhlacht Forbartha Áitiúil Comhtháite Mhaigh Eo, Fiontraíocht Éireann, Bord Fiontair Chondae Mhaigh Eo agus Údarás na Gaeltachta. Cuirfidh an Ciste béim ar (a) traenáil fiontraíochta, oideachas agus breisoiliúint (b) spás oibre tráchtála, tionsclaíoch, goir nó teicneolaíoch agus an bonneagar gaolmhara a chruthú agus (c) áiseanna pobail agus deontais forbartha le haghaidh fiontar gnó no pobail. Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais le fáil ón Rannóg Pobail agus Fiontraíochta, Comhairle Chondae Mhaigh Eo (uimhir ghutháin 094 9047545).

Following on from the closure of the Bellacorick Power Station in 2005, the Electricity Supply Board has provided investment of €3 million for the Fiontar Chomhraic Teo Fund. The principle objective of the Fund is the creation of new employment opportunities for North Mayo. The Company has a limited amount of funding available for the purpose of promoting enterprise and job creation, and is seeking applications from community-based organisations, private companies, partnerships and individuals, which are located in the selected area, for projects to be undertaken in the near future. Applicants will be required to show if they have already submitted applications to other appropriate funding agencies such as LEADER Companies, Mayo Integrated Local Development Company, Enterprise Ireland, Mayo County Enterprise Board and Údarás na Gaeltachta. The Fund will focus on supporting (a) training for enterprise, education and upskilling (b) creation of commercial, industrial, incubation and technological work space and associated infrastructure and (c) community facilities and development grants to new businesses or community enterprise. Application forms and further information may be obtained from The Community and Enterprise Section, Mayo County Council (tel. 094 9047545)